www.mic.ie

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018 - 2019



BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ | 2 |
| RIALACHAS | 6 |
| TÍRDHREACH SEACHTRACH | 8 |
| PLEAN STRAITÉISEACH 2023 | 10 |
| AITHEASC TIONSCNAIMH | 1 |
| FORBAIRT AN CHAMPAIS | 1 |
| CLÁIR | 12 |
| TIONSCADAIL AGUS | 13 |
| GNÍOMHAÍOCHTAÍ GRADAIM | 14 |
| AGUS ÉACHTAÍ | 16 |
| FORBAIRT NA hOIBRE IDIRNÁISIÚNTA | 19 |
| COMHDHÁLACHA AGUS SEIMINEÁIR | 21 |
| RANNPHÁIRTÍOCHT PHOBAIL AGUS CULTÚR | 26 |
| SPÓRT | 29 |
| UIMHREACH BRONNTA CÉIME | 31 |
| 2018 ÚSÁID FUINNIMH | 32 |

# Réamhrá

Fáilte go Tuarascáil Bhliantúil 2018-2019 do Choláiste Mhuire gan Smál.

I mí Dheireadh Fómhair 2018, ceapadh Údarás Rialaithe nua ar an gColáiste ar feadh téarma cúig bliana ó 2018 go 2023. Sa mhí chéanna, ceapadh Foireann Fheidhmeach nua. Le linn na bliana acadúla seo, rinneadh dhá cheapachán shuntasacha ar Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí an Choláiste nuair a ceapadh an tOllamh Emer Ring mar Dhéan an Oideachais i mí Eanáir 2019 agus an tOllamh Niamh Hourigan mar Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla i mí an Mhárta 2019.

Ar an Aoine, 29 Márta 2019, tharla dhá imeacht arbh fhiú trácht orthu sa Choláiste. Thug an tOllamh Eugene Wall a léacht tionscnaimh mar Uachtarán ar CMGS agus seoladh oifigiúil Plean Straitéiseach CMGS 2023: Pobal Foghlama Faoi Bhláth. Leagtar amach sa phlean uaillmhianach seo clár oibre agus tosaíochtaí straitéiseacha an Choláiste don tréimhse cúig bliana amach romhainn, de réir mar a leanann CMGS ag imirt tionchair shuntasaigh san oideachas, go sóisialta agus go cultúrtha ar bhonn réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Sa tuarascáil seo tá sonraí faoi ócáidí iomráiteacha (fóraim, siompóisiamaí agus comhdhálacha) a reáchtáladh le linn na tréimhse seo, agus chuir gach ceann acu le fís CMGS mar institiúid a chuireann deiseanna foghlama agus taighde ardleibhéil ar fáil atá ar ardchaighdeán. Chuir na himeachtaí seo lenár gcuspóir go n-aithneofar sinn agus go léireofar meas orainn as ucht an méid atá déanta againn chun cur le contanam an tsoláthair acadúil i gcomhoibriú éifeachtach agus táirgiúil lenár gcomhpháirtithe san Earnáil Ardoideachais. Tá tuilleadh faisnéise faoina hócáidí thuasluaite le fáil sa tuarascáil seo. Tá súil againn go gceapfaidh tú go bhfuil ábhar na tuarascála suimiúil agus faisnéiseach.

Oifig an Uachtaráin, Coláiste Mhuire gan Smál

Déantar an tuarascáil a aistriú de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) tar éis don Údarás Rialaithe í a fhaomhadh.



# Réamhrá

Fáilte go Tuarascáil Bhliantúil 2018-2019 do Choláiste Mhuire gan Smál.

I mí Dheireadh Fómhair 2018, ceapadh Údarás Rialaithe nua ar an gColáiste ar feadh téarma cúig bliana ó 2018 go 2023. Sa mhí chéanna, ceapadh Foireann Fheidhmeach nua. Le linn na bliana acadúla seo, rinneadh dhá cheapachán shuntasacha ar Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí an Choláiste nuair a ceapadh an tOllamh Emer Ring mar Dhéan an Oideachais i mí Eanáir 2019 agus an tOllamh Niamh Hourigan mar Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla i mí an Mhárta 2019.

Ar an Aoine, 29 Márta 2019, tharla dhá imeacht arbh fhiú trácht orthu sa Choláiste. Thug an tOllamh Eugene Wall a léacht tionscnaimh mar Uachtarán ar CMGS agus seoladh oifigiúil Plean Straitéiseach CMGS 2023: Pobal Foghlama Faoi Bhláth. Leagtar amach sa phlean uaillmhianach seo clár oibre agus tosaíochtaí straitéiseacha an Choláiste don tréimhse cúig bliana amach romhainn, de réir mar a leanann CMGS ag imirt tionchair shuntasaigh san oideachas, go sóisialta agus go cultúrtha ar bhonn réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Sa tuarascáil seo tá sonraí faoi ócáidí iomráiteacha (fóraim, siompóisiamaí agus comhdhálacha) a reáchtáladh le linn na tréimhse seo, agus chuir gach ceann acu le fís CMGS mar institiúid a chuireann deiseanna foghlama agus taighde ardleibhéil ar fáil atá ar ardchaighdeán. Chuir na himeachtaí seo lenár gcuspóir go n-aithneofar sinn agus go léireofar meas orainn as ucht an méid atá déanta againn chun cur le contanam an tsoláthair acadúil i gcomhoibriú éifeachtach agus táirgiúil lenár gcomhpháirtithe san Earnáil Ardoideachais. Tá tuilleadh faisnéise faoina hócáidí thuasluaite le fáil sa tuarascáil seo. Tá súil againn go gceapfaidh tú go bhfuil ábhar na tuarascála suimiúil agus faisnéiseach.

Oifig an Uachtaráin, Coláiste Mhuire gan Smál

Déantar an tuarascáil a aistriú de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) tar éis don Údarás Rialaithe í a fhaomhadh.





# RIALACHAS

**IONTAOBHAITHE**

Is iad seo a leanas na hIontaobhaithe don tréimhse seo:

- An Sár-Oirmhinneach Brendan Leahy
- An Dr Áine Lawlor
- An Ró-Oirmhinneach, an tAth Tony Mullins (a d'éirigh as Iúil 2019)
- Richard Leonard
- An Dr Marie Griffin
- An tSr Frances Minahan, Siúracha na Trócaire (ceaptha Eanáir 2019)
- Maedhbh Uí Chiagáin
- An Sár-Oirmhinneach Kieran O'Reilly
- An Sár-Oirmhinneach Raymond Browne
- Sean Burke

Tháinig na hIontaobhaithe le chéile ar na dátaí seo a leanas:

- 28 Lúnasa 2018
- 13 Samhain 2018
- 29 Eanáir 2019
- 30 Aibreán 2019
- 19 Meitheamh 2019

**AN tUDARÁS RIALAITHE**

Ba iad seo a leanas ballraíocht an Údaráis Rialaithe don tréimhse seo:

- An Sár-Oirmhinneach Brendan Leahy (Cathaoirleach)
- An Dr Áine Lawlor, (Leas-Chathaoirleach), Iontaobhaí ainmnithe ina measc féin
- An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán
- An tOll. Niamh Hourigan, Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla (ceaptha Márta 2019)
- Michael Keane, Leas-Uachtarán ar Chúrsaí Riaracháin & Airgeadais
- Catherine Kelly, ainmnithe ag Siúracha na Trócaire
- Fachtna O' Driscoll, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Mary Considine, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Helen O'Donnell, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Gerry Reeves, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Maedhbh Uí Chiagáin, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- An Dr Marie Griffin, ainmnithe ag Siúracha na Trócaire
- Seán McMahon, Ainmní Alumni
- Emma Barry, Ainmní na Seirbhísí Gairmiúla
- Áine Finucane, Ainmní na Seirbhísí Gairmiúla
- Declan Madden, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- An Sr Coirle McCarthy, ainmnithe ag Siúracha na Trócaire
- An Dr Des Fitzgerald, Uachtarán Ollscoil Luimnigh (a tháinig isteach Márta 2019)
- Eamon Stack, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Conn Murray, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Rachel Dunne, Uachtarán Aontas na Mac Léinn CMGS
- Alison Dervan, Uachtarán Aontas na Mac Léinn CMGS
- An Breitheamh Tom O'Donnell, Rialtóir

Neamhspleách Sinsearach, ainmnithe ag na hIontaobhaithe

Tháinig an tÚdarás Rialaithe le chéile ar na dátaí seo a leanas:

- 17 Deireadh Fómhair 2018
- 12 Nollaig 2018
- 27 Márta 2019
- 19 Meitheamh 2019

**AN FOIREANN FHEIDHMEANNACH**

Feidhmíonn an Fhoireann Fheidhmeannach mar ghrúpa comhairleach don Uachtarán maidir le bainistíocht laethúil an Choláiste. Tá an Fhoireann Fheidhmeannach, tríd an Uachtarán, freagrach don Údarás Rialaithe agus dá fho-choistí. Tá an tUachtarán, i gcomhar leis an bhFoireann Fheidhmeannach, freagrach as bainistíocht oibríochtúil an Choláiste agus féadfaidh sé/sí grúpa nó grúpaí comhairleacha bainistíochta agus coistí den sórt sin a cheapadh de réir mar is cuí leo ó am go ham, chun comhairle a chur orthu sa ról seo. Leathnaíodh ballraíocht na Foirne Feidhmeannach i mí Dheireadh Fómhair 2018.

Ballraíocht

- An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán
- Michael Keane, Leas-Uachtarán ar Chúrsaí Riaracháin agus Airgeadais
- An Dr Eugene O'Brien, Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla (Gníomhach go dtí an 28 Feabhra 2019)
- An tOll. Niamh Hourigan, Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla (ón 1 Márta 2019)
- An tOll. Gary O'Brien, Leas-Uachtarán Rialachais agus Straitéise
- An tOll. Micheál Healy, Leas-Uachtarán Taighde
- An Dr Angela Canny, Déan an Oideachais (Gníomhach go dtí an 11 Eanáir 2019)
- An tOll. Emer Ring, Déan an Oideachais (ón 14 Eanáir 2019)
- An tOll. Micheál Breen, Déan na nDán (Ar shos gairmiúil ón 1 Eanáir 2019)
- An Dr John Perry, Déan na nDán (Gníomhach ón 4 Aibreán 2019)
- Orla Banks, Stiúrthóir Oibríochtaí Feidhmiúcháin (ón 24 Deireadh Fómhair 2018)
- An Dr Maeve Liston, Stiúrthóir Fiontair agus um Rannpháirtíocht sa Phobal (ón 24 Deireadh Fómhair 2018)
- An Dr Gwen Moore, Stiúrthóir an Teagaisc agus na Foghlama (ón 24 Deireadh Fómhair 2018)
- Frank White, Stiúrthóir Acmhainní Daonna (ón 24 Deireadh Fómhair 2018)
- An Dr Geraldine Brosnan, Stiúrthóir Shaol na Mac Léinn (ón 24 Deireadh Fómhair 2018)

Tháinig an Fhoireann Fheidhmeannach le chéile ar na dátaí seo a leanas:

- 27 Lúnasa 2018
- 6 Meán Fómhair 2018
- 14 Meán Fómhair 2018
- 27 Meán Fómhair 2018
- 4 Deireadh Fómhair 2018



- 24 Deireadh Fómhair 2018
- 1 Samhain 2018
- 8 Samhain 2018
- 15 Samhain 2018
- 29 Samhain 2018
- 3 Nollaig 2018
- 23 Eanáir 2019
- 14 Feabhra 2019
- 21 Feabhra 2019
- 6 Márta 2019
- 14 Márta 2019
- 28 Márta 2019
- 4 Aibreán 2019
- 2 Bealtaine 2019
- 13 Bealtaine 2019
- 16 Bealtaine 2019
- 31 Bealtaine 2019
- 6 Meitheamh 2019
- 25 Meitheamh 2019

**AN CHOMHAIRLE ACADÚIL**

Ballraíocht

- An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán
- An Dr Eugene O'Brien, Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla (Gníomhach go dtí an 28 Feabhra 2019)
- An tOll. Niamh Hourigan, Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla (ón 1 Márta 2019)
- An tOll. Gary O'Brien, Leas-Uachtarán Rialachais agus Straitéise
- An tOll. Micheál Healy, Leas-Uachtarán Taighde
- An Dr Angela Canny, Déan an Oideachais (Gníomhach go dtí an 11 Eanáir 2019)
- An tOll. Emer Ring, Déan an Oideachais (ón 14 Eanáir 2019)
- An tOll. Michael Breen, Déan na nDán (Ar shos gairmiúil ón 1 Eanáir 2019)
- An Dr John Perry, Déan na nDán (Gníomhach ón 4 Aibreán 2019)
- An Dr Patricia Daly, Ceann Roinn na Síceolaíochta Oideachais agus an Oideachais Chuimsithigh agus Speisialta
- An Dr Liam Chambers, Ceann Roinn na Staire
- An Dr Lisha O'Sullivan, Ceann Gníomhach Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus na Seirbhísí Luath-Óige
- Eucharia McCarthy, Stiúrthóir an Aonaid Forbartha Curaclaim
- An Dr Carol O'Sullivan, Ceann Roinn na Foghlama, na Sochaí agus an Oideachais Reiligiúnaigh
- Rachel Dunne, Uachtarán Aontas na Mac Léinn CMGS
- Alison Dervan, Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn CMGS (ó Nollaig 2018)
- David Loughnane, Ionadaí Iarchéime CMGS
- An tOll. Jim Deegan, Ceann na Scoile Iarchéime

- An Dr Loic Guyon, Ceann Roinn na Fraincise
- An Dr Finn Ó Murchú, Ceann na Scoile Oideachais, CMGS Dhurlais
- Máire Ní Neachtain, Ceann Roinn na Gaeilge
- An Dr Geraldine Brosnan, Stiúrthóir Shaol na Mac Léinn
- An Dr Christiane Schonfeld, Ceann Léann na Gearmáinise
- An Dr Patrick Connolly, Cláraitheoir Cúnta
- Áine Finucane, Leabharlannaí
- An Dr John O'Shea, Comhordaitheoir Cúrsa, Clár an Bhaitsiléara Oideachais
- Diarmuid Ó Drisceoil, Ceann Roinn na Matamaitice agus an Staidéir Ríomhaireachta
- An Dr Niall Keane, Ceann Roinn na Fealsúnachta (d'éirigh as Noll 2019)
- An Dr Rosemary Day, Ceann Roinn na Meán & Staidéar Cumarsáide
- Seán de Brún, Ceann Roinn na Teanga, na Litearthachta agus na Matamaitice
- An Dr Cathal de Paor, Stiúrthóir na Forbartha Leanúnaí & Gairmiúla
- An tOll. Eamonn Conway, Ceann Roinn na Diagachta agus an Staidéir Reiligiúnaigh
- An tOll. Des McCafferty, Ceann Roinn na Tíreolaíochta
- An Dr Gwen Moore, Stiúrthoir an Teagaisc agus na Foghlama
- An Dr Neil Ó Conaill, Stiúrthóir na Socrúchán Scoile
- An Dr Aisling Leavy, Ceann na Roinne ETIM
- An Dr Gareth Cox, Ceann Roinn an Cheoil
- An Dr Michael Finneran, Ceann Roinne um Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta
- An Dr Deirdre Ryan, Stiúrthóir Cáilíochta
- An Dr Johanna Fitzgerald, ainmnithe ag Dámh an Oideachais
- Maurice Harmon, ainmnithe ag Dámh an Oideachais
- Paula Hourigan, Riarthóir Acadúil Sinsearach, CMGS Dhurlais
- An Dr Aimee Brennan, ainmnithe ag Dámh an Oideachais
- An Dr Eoin Flannery, Ceann Gníomhach Roinn Litríocht agus Teanga an Bhéarla
- An Dr Deirdre Ní Chróinín, Ceann Roinn an Oideachais Ealaíon agus an Chorpoideachais
- An Dr Ailbhe Kenny, Ceann Gníomhach Roinn an Oideachais Ealaíon agus an Chorpoideachais
- Des Carswell, ainmnithe ag Dámh an Oideachais

Tháinig an Chomhairle Acadúil le chéile ar na dátaí seo a leanas:

- 19 Meán Fómhair 2018
- 14 Samhain 2018
- 23 Eanáir 2019
- 20 Márta 2019
- 7 Meitheamh 2019

# TÍRDHREACH SEACHTRACH

**CRUINNIÚ PLÉ STRAITÉISEACH LEIS AN ÚDARÁS UM ARD-OIDEACHAS**

Bhí Cruinniú Plé Straitéiseach agus Feidhmíochta CMGS/ÚAO ar siúl in Oifigí ÚAO ar an 5 Samhain 2018 chun plé a dhéanamh ar Chomhshocrú Feidhmíochta Miseanbhunaithe CMGS 2018 – 2021. Rinne Príomhfheidhmeannach Eatramhach an Údaráis um Ard-Oideachas, Paul O'Toole, cathaoirleacht ar an gcruinniú. I láthair bhí an painéal Comhairleoirí Seachtracha a cheap ÚAO chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chomhshocrú CMGS:

- An Dr Rufus Glasper - Uachtarán & Príomhfheidhmeannach ag League for Innovation in the Community College agus Seansailéir Emeritus Choláistí Pobail Maricopa, Arizona.
- John Randall - Comhairleoir Ardoideachais neamhspleách agus iar-Phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta Dearbhaithe Cáilíochta don ardoideachas sa Ríocht Aontaithe.
- An tUasal George Pernsteiner - Iar-Uachtarán Oifigigh Feidhmiúcháin Ardoideachais an Stáit agus Seansailéir Chóras Ollscoileanna Oregon.

Bhí toradh an-dearfach ar an gcruinniú.

**Meamram Comhthuisceana CMGS-OL**

Rinneadh athbhreithniú ar Mheamram Comhthuisceana CMGS-OL i gcomhréir leis an moladh a rinneadh in Athbhreithniú Institiúideach Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ar CMGS in 2016. D'fhaomh Údarás Rialaithe CMGS é an 17 Deireadh Fómhair 2018 agus d'fhaomh Údarás Rialaithe Ollscoil Luimnigh é an 1 Feabhra 2019.

**BRAISLE RÉIGIÚNACH AN IARTHAIR LÁIR / CUIBHREANNAS SHIONAINNE**

In earrach na bliana 2019, choimisiúnaigh Uachtaráin Chuibhreannas Shionainne tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha áit ar aontaigh an tOllamh Simon Marginson, Oll. le hArdoideachas, Ollscoil Oxford, comhairle a thabhairt maidir leis na struchtúir is fearr a d'éascódh an t-uaschomhoibriú agus an ghníomhaíocht chomhpháirteach idir na trí institiúid (CMGS, OL agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh) agus ag an am céanna urraim a thabhairt do mhisin agus d'éiteas aonair gach ceann acu. Ba é cuspóir an chleachtaidh seo a fháil amach conas a d'fhéadfadh Cuibhreannas Shionainne an tionchar uasta a bhaint amach don réigiún agus don tír, mar réigiún cathrach ina bhfuil 26,000 mac léinn ardoideachais, le scála agus tionchar.

Tionóladh cruinniú leis an Aire Oideachais, Joe McHugh TD, an tAire Ardoideachais, Mary Mitchell O'Connor TD, Uachtaráin Chuibhreannas Shionainne, agus Bainisteoir Cláir Chuibhreannas Shionainne ar an 14 Bealtaine 2019 chun an obair seo a chur chun cinn.

**SAHLBERG II – ATHBHREITHNIÚ AR STRUCHTÚR NA hOILIÚNA TOSAIGH MÚINTEOIRÍ IN ÉIRINN**

Rinne an tOll. Pasi Sahlberg, Ollamh le Beartas Oideachais in Institiúid Gonski um Oideachas in Ollscoil New South Wales, an Astráil, an tAthbhreithniú seo, agus thug an tOll. Áine Hyland, Ollamh Emeritus le hOideachas i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, comhairle dó.

Mionsonraíodh sa Tuarascáil Athbhreithnithe dul chun cinn chur i bhfeidhm na n-athchóirithe struchtúracha a sainaithníodh i dTuarascáil 2012 an Phainéil Athbhreithnithe Idirnáisiúnta ar Struchtúr na hOiliúna Tosaigh Múinteoirí in Éirinn (ar a dtugtar Sahlberg 1), ach tagairt a dhéanamh do chomhdhlúthú na 19 soláthraí oiliúna tosaigh múinteoirí (OTM) ar leithligh go sé ionad oiliúna. Moladh na hionaid barr feabhais teagaisc go léir san Athbhreithniú as a n-iarrachtaí chun oibriú i gcomhar le chéile, agus as a dtiomantas don chlár oibre athchóirithe níos leithne a chur i bhfeidhm i dtréimhse réasúnta gearr agus i dtimpeallacht eacnamaíoch dhúshlánach. Aithníodh san Athbhreithniú go raibh na hionaid teagaisc ag teacht amach as próiseas mórathchóirithe i gcomhthéacs athstruchtúraithe, suas go dtí agus lena n-áirítear ionchorpú, mar a moladh Sahlberg 1 agus i gcomhréir leis an bhfís a leagadh amach sa Straitéis Náisiúnta um Ardoideachas go dtí 2030. Luadh an méid seo a leanas sa Tuarascáil

Chuibhreannas Shionainne, mar atá CMGS, OL agus LIT: 'I Luimneach, bhí forbairtí suntasacha tarlaithe ó bhí 2012 ann... Cuireann CMGS – lena n-áirítear Coláiste Pádraig i nDurlas – OTM ar fáil anois ar fud leanúnachas na luathbhlianta, na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta chomh maith le cláir FGL, Mháistreachta agus dhochtúireachta a chur ar fáil. Comhoibríonn CMGS, OL agus LIT ar thaighde, ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus ar chláir Mháistreachta agus Dhochtúireachta tríd an Institiúid Náisiúnta um Staidéir san Oideachas (NISE) agus meastar go bhfásfar agus go neartófar an comhoibriú idir CMGS agus OL sna blianta amach romhainn. Moladh sa tuarascáil 'go n-aithneofaí CMGS mar sholáthraí neamhspleách OTM agus go dtabharfaí aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le neamhréireacht i socruithe foirne ar fud na hearnála'. Luadh sa Tuarascáil infheistíocht CMGS i saoráidí a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht thaithí na mac léinn in oiliúint tosaigh múinteoirí (OTM) agus ar dheiseanna don staidéar iarchéime san oideachas, leis an mórathchóiriú ar Fhoirgneamh John Henry Newman chun tacú le taighde agus staidéar iarchéime, agus go raibh 'na cruinnithe le ceannaireacht agus le foireann CMGS, OL agus LIT dearfach agus cuiditheach agus go raibh dea-thoil le brath ar gach taobh agus toilteanas soiléir oibriú le chéile.'

I mí na Bealtaine 2019, gheall an Roinn Oideachais agus Scileanna ráiteas beartais cuimsitheach a fhorbairt de bhun fhoilsiú na tuarascála, rud a thabharfadh soiléireacht athnuaite don earnáil maidir le treo na hoiliúna tosaigh múinteoirí amach anseo.



**CEAPACHÁN DHÉAN AN OIDEACHAIS**

Ghlac an Dr Emer Ring le ról Dhéan an Oideachais i mí Eanáir 2019.

D'oibrigh an Dr Ring mar chigire sinsearach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, mar mhúinteoir ranga príomhshrutha bunscoile agus mar mhúinteoir acmhainní foghlama/tacaíochta, sular thosaigh sí ag obair in CMGS mar Cheann Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus Staidéar na Seirbhísí Luath-Óige in 2011. Tugann sí léachtaí i gcláir oideachais luath-óige agus oiliúna múinteoirí agus stiúrann sí taighde ó leibhéal fochéime go leibhéal dochtúireachta.

Bhí an Dr Ring ina príomh-thaighdeoir ar raon tionscadal taighde náisiúnta a chlúdaigh réimsí amhail oideachas luath-óige, oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile, cuimsiú, guth linbh/dalta, oideolaíocht agus uathachas. Tá go leor foilsithe aici i réimse an oideachais agus ba chomheagarthóir agus comhúdar í ar 'Autism from the Inside Out: A Handbook for Parents, Early Childhood, Primary, Post-Primary and Special School Settings' a d'fhoilsigh Peter Lang, Oxford.

Le déanaí, lena comhghleacaithe, an Dr Lisha O'Sullivan, Marie Ryan agus Patrick Burke, chríochnaigh sí 'A Melange or a Mosaic of Theories? How Theoretical Perspectives on Children's Learning and Development can Inform a Responsive Pedagogy in a Redeveloped Primary School Curriculum' don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Faoi láthair, is í an chomh-phríomh-thaighdeoir í ar fhoireann taighde Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC) agus CMGS, lena n-áirítear an Dr Lisha O'Sullivan agus an Dr Therese Brophy ó CMGS, ag measúnú an tionscadail taispeána teiripe ionscoile i suíomhanna luathbhlianta, bunscoile, iar-bhunscoile agus scoile speisialta arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS).




**CEAPACHÁN AN LEAS-UACHTARÁIN AR GHNÓTHAÍ ACADÚLA**

Ghlac an Dr Niamh Hourigan le ról an Leas-Uachtaráin ar Ghnóthaí Acadúla i mí an Mhárta 2019.

D'oibrigh an Dr Hourigan do cheithre ollscoil Éireannacha i róil éagsúla le linn a gairme fiche bliain san ardoideachas in Éirinn agus bhí sí ina Léachtóir Sinsearach sa tSocheolaíocht i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, áit ar chríochnaigh sí téarma trí bliana le déanaí mar Cheann na Roinne Socheolaíochta sular ceapadh í in CMGS. Roimhe sin, bhí sí ina Stiúrthóir ar Staidéar Iarchéime sa tSocheolaíocht ar feadh sé bliana. Tá go leor foilsithe aici ar réimse téamaí agus i measc a cuid foilseachán tá na monagraif 'Rulebreakers' (Gill agus Macmillan, 2015) agus 'Escaping the Global Village: Media, Language and Protest' (Lexington Books, 2003, 2004). Chomh maith leis sin, rinne sí eagarthóireacht ar an mbailiúchán a bhfuil an-seasamh aige, 'Understanding Limerick: Social Exclusion and Change' (Cork University Press, 2011).

Is iar-Chathaoirleach í ar Choiste Eagarthóireachta Cló Ollscoile Chorcaí agus iareagarthóir ar an Irish Journal of Sociology. D'oibrigh sí mar Scrúdaitheoir Seachtrach in Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus mar mholtóir do scéim scoláireachta iarchéime OÉ. Le linn a luathghairme, bhí an Dr Hourigan lonnaithe i gColáiste San Aingeal,



**PLEAN STRAITÉISEACH 2023: POBAL FOGHLAMA FAOI BHLÁTH**

Dé hAoine an 29 Márta 2019, seoladh go hoifigiúil Plean Straitéiseach CMGS 2023: Pobal Foghlama faoi Bhláth, plean uaillmhianach ina leagtar amach clár oibre agus tosaíochtaí straitéiseacha an Choláiste don chéad chúig bliana eile, agus CMGS ag leanúint de thionchar suntasach oideachais, sóisialta agus cultúrtha a imirt go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

I measc na n-ardtosaíochtaí atá sa Phlean Straitéiseach tá forbairt Leabharlainne/Ionaid Acmhainní Foghlama nua ar champas Luimnigh, a dearfar chun freastal ar líon méadaitheach mac léinn an Choláiste, atá gar do 5,000 faoi láthair. Ar chostas €25 milliún, cuirfidh an tsaoráid 5,000m² Leabharlann ionaid ar fáil don leabharlann reatha, rud a raibh gá leis le fada an lá agus daonra na mac léinn méadaithe faoi chúig ó osclaíodh doirse na leabharlainne reatha in 1976 go 750 mac léinn. Taobh istigh den fhoirgneamh beidh réimse suíomhanna foghlama ann, ó limistéir staidéir chiúine go seomraí oibre grúpa beoga. Beidh breis is 550 áit staidéir ann, agus beidh breis is 170,000 imleabhar ann. Chomh maith leis sin beidh léachtlann 288 suíochán, seomraí eagarthóireachta meán, stiúideo meán, seomraí seimineáir, oifigí foirne agus na spásanna coimhdeacha go léir is gá do leabharlann ardoideachais. I measc spriocanna uaillmhianacha eile sa Phlean Straitéiseach tá athnuachan ar shraith na gclár atá ar fáil, lena n-áirítear forbairt clár nuálach nua, freagairt do riachtanais scileanna agus forbairtí beartais; feabhsú chultúr na taighde in CMGS, áit ar bronnadh PhDanna ar 150 céimí go dtí seo; comhoibriú le comhpháirtithe réigiúnacha OL agus LIT a ligeann d'fhorbairt PhDanna struchtúrtha comhpháirteacha; straitéisí oideachais eolaíochta saincheaptha nua a fhorbairt, ag soláthar deiseanna chun dul i ngleic le teicneolaíochtaí na chéad ghlúine eile; spás poiblí idirghníomhach a bhunú chun na healaíona cruthaitheach agus oideachas ETIM a tharraingt le chéile; agus, i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta—forbairt straitéise idirnáisiúnaithe lena méadófar faoi dhó líon na mac léinn idirnáisiúnta atá ag freastal ar CMGS.

Ag féachaint chun cinn, déanfaidh CMGS, mar Institiúid Ardoideachais a imríonn tionchar mór, naisc a dhoimhniú agus comhoibriú a fhorbairt tuilleadh idir comhlachtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach agus idir fiontar agus an earnáil oideachais, ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta, d'fhonn an clár oibre scileanna in Éirinn a sheachadadh.



**AITHEASC TIONSCNAIMH - AN tOLLAMH EUGENE WALL, UACHTARÁN**

Thug an tOllamh Eugene Wall, 10ú Uachtarán CMGS, a aitheasc tionscnaimh Dé hAoine an 29 Márta 2019.

Bhain an tOllamh Wall céim amach ó UCD sa bhliain 1975 le céim sa tsíceolaíocht, cháiligh sé mar mhúinteoir bunscoile ó Choláiste Froebel agus bhronn UCD PhD san Oideachas air. Is comhúdar an MICRA-T agus an SIGMA-T é, an dá thástáil chaighdeánaithe is mó a úsáidtear i mbunscoileanna na hÉireann, agus tá sé ina chomhalta den Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) le 21 bliain anuas. Tá sé ag tabhairt léachtaí i síceolaíocht na forbartha agus i síceolaíocht an oideachais in CMGS ó bhí 1980 ann agus bhí sé ina Chláraitheoir/Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla ó 1998 go 2018. Ansin, ceapadh ina Uachtarán ar Ollscoil CMGS é i ndiaidh comórtais oscailte.

I láthair ag an ócáid mór le rá bhí an tAire Mary Mitchell O'Connor TD, an tAire Stáit um Ardoideachas; an Clr James Collins, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh; an tEaspag Brendan Leahy, Easpag Luimnigh agus Cathaoirleach Iontaobhaithe agus Údarás Rialaithe CMGS; an tOllamh Vincent Cunnane, Uachtarán LIT; an Dr Des Fitzgerald, Uachtarán OL; an Dr Harold Hislop, Príomh-Chigire na Roinne Oideachais agus Scileanna; agus an tSiúr Angela Bugler, Uachtarán Emeritus, CMGS (1988-1999).

# FORBAIRT AN CHAMPAIS



LEABHARLANN

Lean an tÚdarás um Ard-Oideachas air leis an athbhreithniú, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, ar iarratas CMGS ar mhaoiniú chun Leabharlann/Ionad Acmhainní Foghlama nua a thógáil. In 2018, measadh gur ardaigh luach an tionscadail go dtí thart ar €22.8m. Lean an Coláiste de bheith ag fanacht le haiseolas ón Údarás um Ard-Oideachas maidir le maoiniú don tionscadal.

## STRUCTURED PHD/M.ED

## PhD/M.OID STRUCHTÚRTHA SAN OIDEACHAS LITEARTHACHTA

Chuir an PhD/M.Oid. Struchtúrtha san Oideachas Litearthachta fáilte roimh a chéad chohórt mac léinn chuig CMGS i Meán Fómhair 2018.

## LAUNCH O

## SEOLADH AN M.OID. SAN OIDEACHAS LÁN-GHAEILGE AGUS GAELTACHTA

Sheol an tAire Oideachais, Joe McHugh, TD, an *M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta* ag an gColáiste ar an 19 Deireadh Fómhair 2018.

Bronnadh infheistíocht €2,100,000 ón Roinn Oideachais agus Scileanna thar thréimhse cúig bliana leis an tairiscint, a bronnadh ar Choláiste Mhuire Gan Smál trí chomórtas soláthair phoiblí, chun an clár iarchéime dhá bhliain páirtaimseartha a sholáthar.

Chomhlíon leis an bhfógra gealltanas lárnach sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, a sheol Richard Bruton TD in 2016, a bhí ina Aire Oideachais agus Scileanna ag an am, agus is é an chéad pholasaí oideachais atá sainiúil don Ghaeltacht i stair an stáit. Beart tábhachtach ab ea na háiteanna nua chun a chinntiú go raibh soláthar leordhóthanach múinteoirí Gaeilge ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge. Cuireadh tús leis an gclár i Meán Fómhair 2018 le clárú 24 mac léinn. Soláthraíodh an clár trí mheascán comhlántach de dheiseanna foghlama ardchaighdeáin saibhre agus éagsúla ar an láthair agus ar líne a dearadh chun torthaí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.



Sa Phictiúr (ó chlé go deas): An Dr Karen Ní Chlochasaigh, Léachtóir, An M. Oid. san Oideachais Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, Coláiste Mhuire gan Smál, An Dr Harold Hislop, Príomhchigire, An Roinn Oideachais agus Scileanna, An Dr T.J. Ó Ceallaigh, Stiúrthóir, An M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, Coláiste Mhuire gan Smál, An tUasal Joe McHugh, T.D., Aire Oideachais agus Scileanna, An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán Choláiste Mhuire gan Smál, An Dr Treasa Kirk, Príomhchigire Cúnta, An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna.

## CONAIRÍ NUA BREISOIDEACHAIS

I mí an Mhárta 2019, sheol CMGS conairí nua Iontrála Breisoideachais isteach i dhá chéim múinteoireachta iar-bhunscoile i CMGS Dhurlais chomh maith le conaire iontrála dírí nua don BA i Staidéar Amharclannaíochta Comhaimseartha agus Feidhmeach (CATS) in CMGS Luimnigh.





Sa phictiúr: (Ar chúl, ó chlé) Elaine Griffin, Oifigeach Tionscadail NISE Conair 1, CMGS; Karina Ryan, Bainisteoir Cláir NISE Conair 1, CMGS agus Paula Hourigan, Riarthóir Acadúil Sinsearach, CMGS Dhurlais. (Chun tosaigh, ó chlé): An Clr Séamus Hanifan; an Dr Finn Ó Murchú, Ceann Scoil an Oideachais (Iar-bhunscolaíocht), CMGS Dhurlais; an tOllamh Eugene Wall, Uachtarán CMGS; an tOllamh Niamh Hourigan, Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla CMGS agus an Dr Geraldine Brosnan, Stiúrthóir Shaol na Mac Léinn, CMGS.



Ag an Seoladh, ó chlé: Niamh Gaine, Coláiste Tráchtála Chorcaí; Anne-Marie Hannon agus Lillian Monahan, Oifig Iontrála CMGS agus Moira Maher, Treoirchomhairleoir, Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh

# Tionscadail agus Gníomhaíochtaí




**FÉILIRE IMOGEN STUART IN CMGS AG COMÓRADH 60 BLIAIN DÁ CUID SAOTHAR**

Cruthaíodh féilire 2019 i gcomhar leis an ealaíontóir Imogen Stuart in CMGS chun comóradh a dhéanamh ar 60 bliain dá saothar. Tá Imogen ina comhalta d'*Aosdána* ó bhí 1981 ann, agus toghadh ina comhalta iomlán den Acadamh Ibeirneach Ríoga (RHA) í in 1990 agus ina hOllamh Dealbhóireachta ag an RHA in 2000. I mí Mheán Fómhair 2010, bhronn Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa Bonn McAuley ar Imogen, an gradam is airde is féidir le Coláiste Mhuire gan Smál a bhronnadh. Bronnadh é in onóir an mhéid a chuir sí leis na healaíona in Éirinn ar feadh a saoil. Toghadh í ina Saoi d'Aosdána i searmanas faoi stiúir Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUiginn, i Meán Fómhair 2015.

**CUAIRT AMBASADÓIR NA GEARMÁINE AR CMGS**

Ar an 24 Meán Fómhair 2018, thug ambasadóir Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, a Soilse Deike Potzel, cuairt ar an gColáiste chun labhairt faoi "Chaidreamh Gearmánach-Éireannach agus Todhchaí na hEorpa".



Sa Phictiúr, ó chlé: An Dr Eugene O'Brien, Leas-Uachtarán Gníomhach ar Ghnóthaí Acadúla, a Soilse Deike Potzel agus an Dr Christiane Schönfeld, Ceann Roinn an Léinn Ghearmánaigh.

**TIONSCADAL TAIGHDE HERA AG CMGS**

In Earrach na bliana 2019, d'éirigh leis an Dr Ailbhe Kenny agus a comhoibritheoirí ón Ísiltír, ón Ríocht Aontaithe, ón nGearmáin agus ón Danmhairg ina n-iarratas chuig HERA (Daonnachtaí sa Limistéar Eorpach Taighde) dá dtionscadal dar teideal 'Night spaces: migration, culture and IntegraTion in Europe'. Fuair an fhoireann €1,000,000 don tionscadal trí bliana ina ndéanfar staidéar ar spásanna poiblí oíche arna gcruthú ag pobail imirceacha i sé thír Eorpacha - san Ísiltír, in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin, sa Phortaingéil agus sa Danmhairg.




Sa Phictiúr, ó chlé: An tOll. Michael Healy, Leas-Uachtarán Taighde, an Dr Ailbhe Kenny, an tOllamh Eugene Wall, Uachtarán CMGS

**AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA UM OIDEACHAS SPEISIALTA (CNOS)**

Sa bhliain 2019, bronnadh €108,068 ar CMGS agus ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC) chun meastóireacht a dhéanamh ar an Tionscadal Taispeána Teiripe a bhí ar siúl i 150 suíomh oideachais. Tá an tionscadal á stiúradh ag COC i gcomhar leis an Ollamh Emer Ring (Déan an Oideachais), an Dr Lisha O'Sullivan (Ceann na Roinne, RPECS) agus an Dr Therese Brophy (EPISE). Críochnófar anailís sonraí i rith na tréimhse Iúil-Lúnasa agus cuirfear tuarascáil chríochnaitheach faoi bhráid CNOS ag deireadh mhí Mheán Fómhair.

**THE ENQUIRING CLASSROOM HANDBOOK (LÁMHLEABHAR AN tSEOMRA RANGA FHIOSRAIGH)**

Sheol an Dr Patricia Kieran ón Roinn Foghlama, Sochaí agus Oideachais Reiligiúnaigh mar aon leis an Oll. Aislinn O'Donnell (Ollscoil Mhá Nuad), an tOllamh Comhlach Lovisa Bergdahl (Ollscoil Södertörn, an tSualainn) agus Stephanos Cherouvis (EA, an Aithin) The Enquiring Classroom Handbook (TEC) i Leabharlann Chester Beatty, Baile Átha Cliath in earrach 2019. Ba é an Lámhleabhar toradh an tionscadail dhá bhliain um Sheomra Ranga Fiosrach (TEC), a d'fhorbair réimse straitéisí nuálacha agus turgnamhacha chun tacú le múinteoirí agus scoláirí (idir 8-18 mbliana d'aois) chun páirt a ghlacadh i gcomhráite eiticiúla deacra faoi fhéiniúlacht, reiligiúin agus creidimh, luachanna daonlathacha, éagsúlacht, muintearas agus foréigean, d'fhonn bunchloch dhaingean a leagan do scoileanna agus seomraí ranga cuimsitheacha agus caoinfhulangacha. Toradh dhá bhliain de chomhoibriú agus taighde idirnáisiúnta a bhí ann ina raibh ceithre chomhpháirtí lárnacha ag obair le múinteoirí trí cheardlanna in Éirinn, sa tSualainn agus sa Ghréig agus scoileanna samhraidh san Aithin.



# Gradaim agus Éachtaí



Ar chúl: An tOll. Jim Deegan, Ceann Scoil na gCéimithe, an Dr Godfrey Katumba, an Dr Caitríona Breathnach, an Dr Cyril Odia, an Dr Rory Feehan, an Dr Síle Ní Choincheannain, an tOllamh Michael Healy, an Leas-Uachtarán Taighde. Chun tosaigh: An tOll. Michael Breen, Déan na Dán, an Dr Derek Mulcahy, an Dr Cillian McHugh, an tOllamh Eugene Wall, an Dr Emma Fisher, an Dr Pádraig Ó Dálaigh, an Dr Sandra Wagner.

**SEARMANAIS BHRONNTA**

Bhí Searmanais Bronnta CMGS ar siúl ón 25-27 Deireadh Fómhair 2018. Bhain 1,906 mac léinn céim amach thar an trí lá. Lean cáilíocht na scoláireachta ardleibhéil ag CMGS de bheith soiléir, agus céimeanna PhD bronnta ar 12 mhac léinn. Labhair an Dr Harold Hislop, Príomh-Chigire, an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis na réamhchéimithe ag an searmanas maidine Dé hAoine an 26 Deireadh Fómhair. Labhair an Dr Fergal Lynch, Ard-Rúnaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, le réamhchéimithe LINC ag an searmanas maidin Dé Sathairn.

Mar chuid de na searmanais bhronnta, bronntar Gradam as Éachtaí ar roinnt mac léinn mar aitheantas ar éachtaí éagsúla neamhacadúla. Ba iad faighteoirí na bliana seo:

Cian Lynch, a bhain céim BA amach sa Tíreolaíocht agus sa Diagacht & Staidéar Reiligiúnach, ball d'Fhoireann Shinsearach Iomána Luimnigh a bhuaigh Craobh Uile-Éireann 2018.

Aaron Gillane, mac léinn reatha sna saorealaíona agus ball eile d'Fhoireann Shinsearach Iomána Luimnigh a bhuaigh Craobh Uile-Éireann 2018.

Róisín Upton, mac léinn reatha MGO (Bunscolaíocht), a rinne a cion féin i stair spóirt na hÉireann mar bhall d'Fhoireann Haca Shinsearach Ban na hÉireann a bhuaigh bonn airgid i gcluiche ceannais Chorn an Domhain sa Haca, 2018 i Londain i mí Lúnasa.

Linda Collins, mac léinn B. Oid. i mbliain na céime faoi láthair, mar aitheantas ar a cuid éachtaí spóirt mar chuid d'fhoireann Shinsearach Chamógaíochta Chorcaí a bhuaigh Craobh na hÉireann in 2015 agus 2018.



Cian Lynch agus Aaron Gillane le hUachtarán CMGS, an tOllamh Eugene Wall.



Róisín Upton le hUachtarán CMGS, an tOllamh Eugene Wall.

**SEARMANAIS BHRONNTA DO MHIC LÉINN 2018**

Bhí an dara Searmanas Bronnta bliantúil do Mhic Léinn ar siúl in Amharclann Crann Teile ar an 19 Samhain 2018. Bronnadh breis is 130 gradam ar an oíche, lena n-áirítear scoláireachtaí iontrála, scoláireachtaí spóirt, gradaim acadúla agus gradaim eile. D'fhreastail an tAire Mary Mitchell O'Connor TD ar an searmanas, áit ar bhronn sí Gradaim Sparánachta 1916, arna mbronnadh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ag an searmanas seo, thug an Coláiste aitheantas do thriúr alumni de chuid CMGS as cur go mór lena rogha gairme. Ba iad sin: Éamonn Meehan, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Trócaire a chuaigh ar scor le déanaí; Dáithí Ó Sé, Láithreoir RTÉ agus Jacqui Hurley, Láithreoir RTÉ.




Sa phictiúr ag Searmanas Bronnta Choláiste Mhuire gan Smál bhí láithreoir RTÉ Dáithí Ó Sé, láithreoir spóirt RTÉ Jacqui Hurley agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin Trócaire a chuaigh ar scor le déanaí, Éamonn Meehan, a ghnóthaigh Gradaim Alumni CMGS. Tá siad sa phictiúr anseo leis an Ollamh Eugene Wall, Uachtarán CMGS agus Mary Mitchell O'Connor TD, an tAire Stáit sa Roinn Oideachais le freagracht speisialta as Ardoideachas.

**DUAIS STAIR AN LEIGHIS KIRKPATRICK CHOLÁISTE RÍOGA LIANNA, 2018**

Bronnadh Duais Stair an Leighis Kirkpatrick Choláiste Ríoga na Lianna, 2018 ar Thríona Waters, mac léinn PhD i Roinn na Staire, as a cuid oibre ar othair inleigheasta agus doleigheasta Ghealtlann Cheantar Luimnigh. Bhí an comórtas idirnáisiúnta mór le rá seo oscailte do gach taighdeoir i réimse stair an leighis in Éirinn, chomh maith le réimsí gaolmhara staire sóisialta agus cultúrtha. Cuireadh ceathrar mac léinn ar ghearrliosta chun a gcuid oibre a chur i láthair ag Léachtaí an Ionaid Oidhreachta ag Siompóisiam bliantúil Naomh Lúcáis Déardaoin, an 18 Deireadh Fómhair 2018. Chomh maith le Coláiste Mhuire gan Smál, ba iad na hinstitiúidí eile a raibh ionadaíocht acu ná Ollscoil Strasbourg, Ollscoil Oxford agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is mac léinn PhD sa tríú bliain í Tríona i Roinn na Staire faoi mhaoirseacht an Dr Maura Cronin, an Dr Úna Ní Bhroiméil agus an Dr Sarah-Anne Buckley (OÉ Gaillimh).



Sa phictiúr: Bronnadh a duaise ar Thríona Waters ag an Ollamh Mary Horgan, Uachtarán Choláiste Ríoga na Lianna in Éirinn

**GRADAIM CHOMHDHÁIL MAC LÉINN CHUMANN SÍCEOLAÍOCHTA NA hÉIREANN, AIBREÁN 2019**

Bhuaigh Kevin O'Sullivan, mac léinn (faoi mhaoirseacht an Dr John Perry) i mbliain na céime in B. Oid. san Oideachas agus sa tSíceolaíocht, bhuaigh sé an mórghradam ag 41ú Comhdháil Bhliantúil na Mac Léinn de chuid Chumann Síceolaíochta na hÉireann (PSI) as a chur i láthair ó bhéal ar thaighde fochéime (Aibreán 2019).



41ú Comhdháil Bhliantúil na Mac Léinn de chuid Chumann Síceolaíochta na hÉireann, 2019: Seisear dámhachtaithe CMGS (mic léinn i mbliain na céime den B. Oid. sa tSíceolaíocht) (Ar chúl, ó chlé): An Dr Marc Scully, léachtóir Síceolaíochta, CMGS; Ciara Sweeney; Kevin O'Sullivan; Orla O'Gorman; An Dr Paul Mulcahy, léachtóir Síceolaíochta, CMGS; an Dr John Perry, Ceann na Roinne Síceolaíochta agus Déan na nDán (Gníomhach), CMGS; (Chun tosaigh, ó chlé): Kate Sweeney, Louise Cashman agus Stephanie Earley. Ar iarraidh ón ngrianghraf tá an Dr Claire Griffin agus an Dr Laura Ambrose, léachtóirí sa tSíceolaíocht Oideachais

# Gradaim agus Éachtaí

**Ó MHAC LÉINN LÁNFHÁSTA GO hÚDAR A bhFUIL SAOTHAR LEIS FOILSITHE**

Ar an 1 Bealtaine 2019, seoladh *The Glynns of Kilrush, County Clare, 1811-1940: Family, business and politics;* an chéad fhoilseachán ón acadóir Luimníoch, an Dr Paul O'Brien, léachtóir in CMGS. Foilsithe ag Four Courts Press, scrúdaítear sa leabhar teaghlach fiontraíoch tuaithe, muintir Glynn as Cill Rois, Co. an Chláir, a tháinig chun cinn i dtús an naoú haois déag. Scrúdaítear ann a straitéisí líonraithe agus a ngrinneas gnó, agus rianaítear ann leathnú tapa a ngníomhaíochta gnó ó mhuilleoirí arbhair ar scála beag go húinéirí roinnt fiontar lena n-áirítear gnólachtaí loingseoireachta agus iarnróid. Ba é an tOll. David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a sheol an leabhar.



Sa phictiúr, ó chlé: John Glynn, an Dr Paul O'Brien agus an tOll. David Dickson, TCD

**CEAPACHÁN AN DR LOÏC GUYON MAR CHONSAL OINIGH NA FRAINCE I LUIMNEACH**

Ar an 28 Bealtaine 2019, ceapadh an Dr Loïc Guyon, Ceann Roinn an Léinn Fraincise go hoifigiúil ag a Shoilse Stéphane Crouzat, Ambasadóir na Fraince go hÉirinn, mar Chonsal Oinigh na Fraince i Luimneach a bhfuil dlínse aige thar réigiún an Iarthair Láir.



**SCÉIM SCOLÁIREACHTA IARCHÉIME RIALTAS NA hÉIREANN IRC**

In 2019, bhí beirt iarratasóirí rathúla ag CMGS do dhámhachtainí Scoláireachta Iarchéime IRC: Shane O'Neill (Taighdeoir Iarchéime i Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta) agus Tracy McCarthy, (Taighdeoir Iarchéime sa Stair). Ba éacht suntasach é seo don bheirt iarrthóirí i gcomórtas náisiúnta a raibh iomaíocht ghéar ann.



An tOll. Jim Deegan, Ceann Scoile Iarchéime CMGS & Duine de Dhámhachtaithe IRC, Shane O'Neill

**BUAITEOIR AN GHRADAIM RÉIGIÚNAIGH AS BARR FEABHAIS SA TEAGASC, 2019**

Roghnaíodh an Dr Fionnuala Tynan mar bhuaiteoir foriomlán 2019 i nGradaim Réigiúnacha as Barr Feabhais sa Teagasc de chuid Chuibhreannas Shionainne, a tionóladh i gColáiste Mhuire gan Smál ar an 7 Bealtaine 2019. Ba í seo an t-aonú bliain déag de na Gradaim Réigiúnacha as Barr Feabhais sa Teagasc a léiríonn sármhaitheas sa teagasc agus san fhoghlaim laistigh de Chuibhreannas Shionainne.



Sa Phictiúr, ó chlé: An Dr. Gwen Moore, an tOll. Eugene Wall, an Dr Fionnuala Tynan, an tOll. Emer Ring agus an Dr Lisha O'Sullivan

# Forbairt na hOibre Idirnáisiúnta



Sa phictiúr: Múinteoirí Brasaíleacha sa phictiúr leis an Méara Michael Sheahan agus an tOllamh Eugene Wall ag Halla na Cathrach, Luimneach

**DIOPLÓMA IARCHÉIME SA MHEANTÓIREACHT AGUS SA CHEANNAIREACHT I SCOILEANNA DO MHÚINTEOIRÍ BRAISÍLEACHA IN CMGS**

I mí na Nollag 2018, shínigh gníomhaireacht scoláireachta rialtais na Brasaíle, CAPES, conradh €3.2 milliún le CMGS le haghaidh comórtais bhliantúil chun na 30 múinteoir is fearr sa Bhrasaíl a thabhairt chuig CMGS le tabhairt faoi Dhioplóma Iarchéime bliana sa Mheantóireacht agus sa Cheannaireacht i Scoileanna. Bhí sé beartaithe go mbeadh an clár ar siúl ar feadh trí bliana, ag tosú i mí an Mheithimh 2019. Ansin, tháinig naonúr déag de na múinteoirí is fearr sa Bhrasaíl go Luimneach ag tús mhí Lúnasa 2019 chun tabhairt faoi Dhioplóma Iarchéime bliana sa Mheantóireacht agus sa Cheannaireacht i Scoileanna ag CMGS. Roghnaigh Gníomhaireacht Scoláireachta Rialtas na Brasaíle, CAPES, na múinteoirí faoi scéim scoláireachta chomhpháirteach trí bliana nua, atá mar chuid de chonradh ar fiú na milliúin euro é a síníodh idir CMGS agus CAPES a bhfuil sé mar aidhm aige na naisc oideachais idir Éire agus an Bhrasaíl a fhorbairt tuilleadh.

# Forbairt na hOibre Idirnáisiúnta

**COMHPHÁIRTÍOCHT CMGS LE COLÁISTE BHOSTÚIN - NASCAIREACHT CATHRACH**

I mí Feabhra 2019, thaistil toscaireacht ó CMGS, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus TUSLA, faoi cheannas an Ollaimh Eugene Wall, go Coláiste Bhostúin chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeadh Éire páirteach sa tionscadal Nascaireacht Cathrach. Is tionscadal idirghabhála scoile é seo, atá faoi cheannas Choláiste Bhostúin, agus a oibríonn i mbreis is 100 scoil phoiblí, chairte agus phríobháideach i Massachusetts, Ohio, Nua-Eabhrac, Connecticut, Minnesota agus Indiana. Bhí ról lárnach ag CMGS i mbunú an naisc le hÉirinn.



Ag Coláiste Bhostúin: An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán CMGS, an tOllamh Emer Ring, Déan Oideachais CMGS, an Dr Ann Higgins, CMGS, Brendan Doody, Príomhchigire Cúnta, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Mary Cregg, Príomhoifigeach, Ceann an Aonaid um Ionchuimsiú Sóisialta, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Dalton Tattan, Rúnaí Cúnta, Ceann an Ionchuimsithe, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Conor Rowley, Príomhoifigeach, Ceann an Aonaid Nuálaíochta Beartais, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, David Logan, Príomhoifigeach Cúnta, i gceannas ar fhorbairt na Seirbhíse Leasa Oideachais agus an Oideachais Lasmuigh den Scoil, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Noel Kelly, Stiúrthóir na Seirbhísí Leasa Oideachais, TUSLA.



Sa phictiúr: Na hoidí faoi oiliúint ó Mheicsiceo ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath in éineacht le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna, Seán Ó Foghlú, Ambasadóir Mheicsiceo go hÉirinn, a Shoilse Miguel Malfavon, an tOllamh Eugene Wall, Uachtarán agus comhghleacaithe ó CMGS.

**CRÍOCHNAÍONN CÉAD OIDE FAOI OILIÚINT Ó MHEICSICEO AN CLÁR OILIÚNA MÚINTEOIRÍ I gCOLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL, LÚNASA 2019**

Bhí áthas ar CMGS fáilte a chur roimh 100 oide faoi oiliúint ó Mheicsiceo i gcomhair 'Clár Oiliúna Múinteoirí San Patricios' san Oideachas Ionchuimsitheach chuig an gColáiste ón 21 Lúnasa go dtí an 6 Meán Fómhair 2019. Ghlac na hoidí faoi oiliúint, a tháinig ó gach cearn de Mheicsiceo, páirt sa chlár seo a dearadh go speisialta, arna sholáthar ag Dámh an Oideachais agus an Oifig Idirnáisiúnta, i gcomhpháirtíocht le hAmbasáid na hÉireann i Meicsiceo agus Aireacht Oideachais Mheicsiceo, agus arna chomh-mhaoiniú ag Cúnamh Éireann/an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Roghnaigh rialtas Mheicsiceo CMGS chun an Dámhachtain Fhorlíontach Leibhéal 8, 6 ECTS seo in Oideolaíocht, Measúnú agus Foghlaim a sholáthar, bunaithe ar an traidisiún fada sármhaitheasa san oiliúint múinteoirí ag CMGS agus ar thiomantas CMGS don chothromas agus don cheartas sóisialta. Iarracht foirne a bhí sa chlár agus bhí sé i bhfad níos fearr ná mar a measadh. Ó pheirspictíochtaí CMGS, rialtas na hÉireann agus rialtas Mheicsiceo, d'éirigh go geal leis an gcuairt ar bhealaí éagsúla, go háirithe ó thaobh an oideachais agus na taidhleoireachta de.

**RANNPHÁIRTÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA**

Tharla Rannpháirtíocht Fhairsing Idirnáisiúnta agus thug ionadaithe ón gColáiste cuairt ar thíortha éagsúla chun naisc amach anseo le scoileanna agus ollscoileanna a iniúchadh chun tacú le comhoibriú fochéime agus iarchéime. Áiríodh a leanas leis na cuairteanna sin:

I mí na Samhna 2018, thug an tOllamh Eugene Wall cuairt ar Ambasadóir na hÉireann go Meicsiceo, a Soilse Barbara Jones, i gCathair Mheicsiceo agus bhí cruinniú eile aige leis an Leas-Cheann Misin, an Dr Sarah Callanan, i Monterrey. Bhí an bheirt ar an eolas faoi na forbairtí le CAPES sa Bhrasaíl agus gheall siad go bpléifidís an fhéidearthacht go mbeadh clár inchomparáide ann leis an Aire Oideachais nua i Meicsiceo, Esteban Moctezuma Barragán.

I mí Eanáir 2019, thug an tOllamh Eugene Wall cuairt ar champais Ollscoil Chaitliceach na hAstráile (ACU) i Melbourne agus i Sydney na hAstráile.

Thug an Dr Finn Ó Murchú cuairt ar Thóiceo, an tSeapáin i mBealtaine 2019.



Ó chlé: Chris Riley, Leas-Seansailéar Cúnta, Idirnáisiúnta; an tOll. Dermot Nestor, Déan Feidhmiúcháin, Dámh na Diagachta agus na Fealsúnachta; Julien O'Connell, Leas-Seansailéir Cúnta ACU Melbourne, agus an tOllamh Eugene Wall.



Paul Kavanagh, Ambasadóir na hÉireann chun na Seapáine leis an Dr Finn Ó Murchú

# Comhdhálacha agus Seimineáir

**COMHDHÁIL IDIRNÁISIÚNTA: 'REVOLUTIONISING PLAY: PERSPECTIVES, POSSIBILITIES AND PROMISE'**

Reáchtáil CMGS comhdháil idirnáisiúnta ar an téama 'Revolutionising Play: Perspectives, Possibilities and Promise' ar an 18 Meán Fómhair 2018.

Bhí sé mar aidhm ag an gcomhdháil aon lae ag CMGS, a comhóstáladh leis an Líonra Taighde Leanaí, a chinntiú go mbeadh deiseanna saibhrithe súgartha ar fáil do leanaí ar feadh a n-óige ach aird a tharraingt ar cheart leanaí chun súgartha agus ar fhreagracht oideoirí súgradh a éascú ó na luathbhlianta go dtí an iar-bhunscoil.

Thug an tOll. Peter Gray ó Choláiste Bhostúin, saineolaí ar an súgradh a bhfuil clú domhanda air agus údar an bhlag *'Freedom to Learn'* don iris 'Psychology Today', thug sé an eochair-aitheasc thosaigh agus d'fhreagair sé an cheist: 'Cad go díreach is súgradh ann agus cén fáth ar feithicil chumhachtach foghlama é?' go háititheach.

Thug Adam Harris, Príomhfheidhmeannach AsIAm, eochair-aitheasc an tráthnóna dar teideal *'Play, I did it My Way'* agus leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le cinntiú go gcuirtear gach leanbh san áireamh i ndeiseanna súgartha saibhrithe chun tacú lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt. Sheol Adam foilseachán Peter Lang, a rabhthas ag fanacht leis le fada, *'Autism from the Inside Out': A Handbook for Parents, Early Childhood, Primary, Post-Primary and Special School Settings'* a ndearna an Dr Emer Ring, an Dr Patricia Daly agus an tOllamh Eugene Wall ó CMGS comheagarthóireacht air, le hionchuir ó shaineolaithe san oideachas agus sa tsíceolaíocht i gColáiste Mhuire [illegible]ál.



**ag CMGS**

Bhí Féile bhliantúil Oideachais na Comhairle Múinteoireachta i mBarrfheabhas an Teagaisc agus na Foghlama, a cheiliúrann an obair iontach a dhéanann múinteoirí gach lá ina seomraí ranga agus a thugann deis do mhúinteoirí comhoibriú agus an obair seo a roinnt lena chéile agus leis an bpobal i gcoitinne, ar siúl in CMGS ar an 5 agus 6 Deireadh Fómhair 2018. Ba é seo an chéad uair a tionóladh FÉILTE lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. D'oscail an tUachtarán Michael D Higgins go hoifigiúil é, in éineacht lena bhean chéile Sabina.

Ba í an Seanadóir Lynn Ruane an t-eochairchainteoir tráthnóna Dé Sathairn agus labhair sí faoi thábhacht na léitheoireachta ina saol agus tionchar duine dá céad mhúinteoirí ar a conair i dtreo an ghníomhaíochais.



Sa Phictiúr (ó chlé go deas): An tOll. Peter Gray, Coláiste Bhostúin; Adam Harris, AsIAm; An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán CMGS; An tOll. Emer Ring, CMGS, An Dr Maga Haals Brosnan, Líonra Taighde Leanaí; an Dr David Kenefick, Líonra Taighde Leanaí agus an Dr Lisha O'Sullivan, CMGS.

Sa Phictiúr (ó chlé go deas): An tOllamh Eugene Wall, Tomás Ó Ruairc, Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta, Noelle Moran, Cathaoirleach na Comhairle Múinteoireachta, an tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn, Sabina Ní Uiginn.

Sa phictiúr: An Dr Aoibhinn Ní Shúilleabháin agus an Seanadóir Lynn Ruane.

**REVOLUTION, REMEMBRANCE AND RE-VISION: CHARTING THE PATH OF EDUCATION, HES CONFERENCE 2018**

Bhí roinnt comhghleacaithe ó CMGS páirteach in *Revolution, Remembrance and Re-vision: Charting the Path of Education, Comhdháil HES 2018*, ar an 9-10 Samhain, in Óstán an Strand, Luimneach, comhdháil a raibh toscairí ó bhreis is 20 tír i láthair ann. Ba iad na heochairchainteoirí an Dr Raymond McCluskey (Scoil an Oideachais, Ollscoil Ghlaschú); an Dr Jane McDermid (Comhalta Emeritus sa Stair, Ollscoil Southampton); an Dr Jane O'Dea (Ollamh agus Déan Oideachais Emerita, Ollscoil Lethbridge, Ceanada) agus an tOllamh Tom O'Donoghue (Scoil Iarchéime an Oideachais, Ollscoil Iarthar na hAstráile).

**DIVERSITIES: INTERPRETATIONS IN THE CONTEXT OF SPHE**

Reáchtáil CMGS Comhdháil Líonra OSPS, *Diversities: Interpretations in the Context of SPHE*, ar an 10 Samhain. I measc na n-eochairchainteoirí bhí an t-acadóir, scríbhneoir agus abhcóide Sinéad Burke agus an tOllamh le Comhionannas in UCD, an tOll. Kathleen Lynch. Thug an chomhdháil an lucht acadúil, múinteoirí, oidí faoi oiliúint, mic léinn iarchéime, gairmithe sláinte, lucht déanta beartas, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an pobal oideachais níos leithne le chéile chun dul i mbun idirphlé faoi éagsúlachtaí i sochaí an lae inniu agus béim ar leith á leagan ar an gcaoi a léirmhínítear agus a dtugtar aghaidh orthu laistigh den churaclam OSPS. I measc chainteoirí CMGS bhí Margaret Nohilly, Carol O'Sullivan, Ciara Connolly agus Brighid Golden, Fionnuala Tynan, Carmelita McGloughlin agus Anne Dolan. Is é an tUachtarán, an tOllamh Eugene Wall, a d'oscail an chomhdháil.

# Comhdhálacha agus Seimineáir








**COMHDHÁIL BHLIANTÚIL CHUMANN TAIGHDE AMHARCLANNAÍOCHTA NA hÉIREANN (ISTR)**

Bhí Comhdháil Bhliantúil Chumann Taighde Amharclannaíochta na hÉireann (ISTR) ar siúl sa Roinn um Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta ar an 10 agus 11 Bealtaine 2019. Arna tionól ag an Dr Carole Quigley agus an Dr Michael Finneran, ba é téama na comhdhála ná 'Comhráite Trí Am: Trasnach, Idirghlúine, Idirdhisciplíneach'. Ba iad na hEochairchainteoirí: An Dr Emilie Pine (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath) agus an Dr Lisa Fitzpatrick (Ollscoil Uladh), sa phictiúr thuas ar chlé.

**MÓR-CHOMHDHÁIL GHAEILGE AR AN bhFILE LUIMNÍOCH, MÍCHEÁL Ó hAIRTNÉIDE**

Bhí mórchomhdháil Ghaeilge ar an bhfile Luimníoch, Mícheál Ó hAirtnéide, ar siúl i gColáiste Mhuire gan Smál ar an 24 Bealtaine 2019, an chéad chomhdháil scolártha riamh a bhí tiomnaithe don fhile a fuair bás beagnach fiche bliain ó shin. Thug an chomhdháil lucht léinn agus filí le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht Ghaeilge an fhile ar thug Seamus Heaney 'Lorca Luimnigh' air. D'eagraigh an Dr Róisín Ní Ghairbhí, an Dr Stephen Newman agus Tony Ó Floinn ó Roinn na Gaeilge an ócáid.

**SCOIL SAMHRAIDH IDIRNÁISIÚNTA UM MHODHANNA TAIGHDE (IRMSS)**



Bhí an 8ú Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta um Mhodhanna Taighde (IRMSS) ar siúl ar an 25 Bealtaine 2019. Ba é téama na bliana seo ceannaireacht, ceannairí agus ceannaireacht mar athróga anailíse sóisialta i réimsí poiblí agus beartais. I measc na n-eochairchainteoirí bhí: An Dr Alan Wall, Leas-Rúnaí, an Roinn Oideachais agus Scileanna; An tOll. Rebecca Lowenhaupt, Coláiste Bhostúin; An tOll. Helen Gunter, Ollscoil Mhanchain; agus an tOll. Joanne Hughes, Cathaoirleach EOECNA san Oideachas, Ollscoil na Banríona. Mheall an chomhdháil láithreoirí ó réimsí amhail teagasc agus foghlaim, an pholaitíocht agus an tsochaí,
teanga agus litríocht, leanaí agus óige agus measúnú agus meastóireacht, i measc réimsí eile.

Ó chlé: An tOll. Eugene Wall, Uachtarán CMGS, an tOllamh Jim Deegan,
Ceann na Scoile Iarchéime, an tOll. Rebecca Lowenhaup, Coláiste Bhostúin, an tOll. Joanne Hughes, Ollscoil na Banríona, an tOll. Helen Gunter, Ollscoil Mhanchain, agus an Dr Alan Wall, an Roinn Oideachais agus Scileanna.

**COMHDHÁIL ERNST TOLLER**

D'eagraigh an Dr Christiane Schönfeld, Ceann Roinn an Léinn Ghearmánaigh in CMGS, mar aon lena comhghleacaí, an tOll. Lisa Marie Anderson, Coláiste Hunter, d'eagraigh siad comhdháil trí lá dar teideal, "Remembering Ernst Toller (1893–1939): Exiles and Refugees between Europe and the US" ón 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh 2019. Bhí an chomhdháil ar siúl in Institiúid um Beartas Poiblí Theach Roosevelt i gColáiste Hunter, Ollscoil Chathrach Nua-Eabhrac. Thug lear mór cainteoirí idirnáisiúnta páipéir spéisiúla ar théamaí éagsúla a bhain le Ernst Toller agus le deoraithe eile a labhair Gearmáinis i Nua-Eabhrac agus sna Stáit Aontaithe, agus a n-oidhreacht do dheoraithe agus do dhídeanaithe an lae inniu. I measc na gcainteoirí bhí: Alumna CMGS, an Dr Britta Jung, Aoife McInerney, mac léinn PhD le Roinn na Fealsúnachta in CMGS agus an Dr Christiane Schönfeld. Ba iad DAAD, Fondúireacht Max Kade, Consalacht na Gearmáine, Fóram Cultúrtha na hOstaire i Nua-Eabhrac agus Coláiste Hunter, CUNY a d'urraigh an chomhdháil.




Sa Phictiúr, ó chlé: An Dr Christiane Schönfeld agus Aoife McInerney

**COMHDHÁIL AR MHEÁNCHEANNAIREACHT AGUS MEANTÓIREACHT AG CMGS DHURLAIS, MEITHEAMH 2019**

Reáchtáil CMGS Dhurlais scoil samhraidh ar mheáncheannaireacht a raibh freastal an-mhaith uirthi i mí an Mheithimh 2019, agus sheol sé Theastas Iarchéime sa Mheáncheannaireacht agus sa Mheantóireacht go rathúil.



Ó chlé: An Dr Finn Ó Murchú, an tOll. Tom O'Donoghue (Ollscoil Iarthar na hAstráile), an tOllamh Eugene Wall agus an Dr Harold Hislop (Príomhchigire) sa phictiúr ag seoladh an Teastais Iarchéime sa Mheáncheannaireacht agus sa Mheantóireacht ag Scoil Samhraidh CMGS Dhurlais, 2019.

**COLLÓICIAM IDIRNÁISIÚNTA UM OIDEACHAS CEOIL AG CMGS, MEITHEAMH 2019**

**MayDay 31 'Music Education as Social, Cultural, and Political Action'** Bhí 31ú Collóciam Idirnáisiúnta Ghrúpa MayDay san Oideachas Ceoil á óstáil ag CMGS ón 19-21 Meitheamh 2019 agus ba í an Dr Gwen Moore cathaoirleach na comhdhála. Ba é seo an chéad uair a tionóladh an Collóiciam lasmuigh de na Stáit Aontaithe agus Ceanada agus bhí toscairí i láthair ón mBrasaíl, ón Astráil, ó SAM, ó Shingeapór, ó Cheanada, ón Ríocht Aontaithe agus ó Éirinn.

**COMHDHÁIL EUPOP 2019 IÚIL 2019**

Bhí EUPOP 2019, an 8ú comhdháil bhliantúil de chuid Chumann Cultúir Choitinn na hEorpa, ar siúl sa Choláiste ón 16-18 Iúil 2019. Ba é seo an chéad uair a tionóladh an chomhdháil in Éirinn, tar éis di a bheith ar siúl sa Ríocht Aontaithe, san Fhionlainn, sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus i bPoblacht na Seice roimhe seo. D'fhreastail breis is 80 toscaire ar an gcomhdháil ó 18 dtír ar fud na hEorpa, Mheiriceá Thuaidh, na hÁise agus na hAstráile/na Nua-Shéalainne. Tionóladh an chomhdháil i gcomhar le Roinn Léann na Meán agus na Cumarsáide, Ionad na hÉireann um Staidéar Trasnáisiúnta agus Institiúid an Léinn Éireannaigh.

# Rannpháirtíocht Phobail agus Cultúr



Sa phictiúr: Buaicphointí Oíche Chultúir 2018

**Oíche Chultúir 2018**

Ar an 21 Meán Fómhair 2018, chuir CMGS oíche spraíúil siamsaíochta saor in aisce ar fáil mar chuid d'Oíche Chultúir 2018. I measc na n-imeachtaí a bhí ar siúl bhí:

- Bróga Nua – Ceardlann Rannta agus Scéalta le hÁine Ní Shúilleabháin.
- Ceardlann le Maeve Clancy, Amharc-ealaíontóir Cónaithe CMGS.
- Léirithe ilchultúrtha ó mhic léinn CMGS agus ón gCeoltóir Traidisiúnta Éireannach, an tEalaíontóir Cónaithe Desi Wilkinson. I measc na mbuaicphointí bhí ceadail ghiotáir acústacha, amhráin Mharacacha, ceadail phianó, amhráin Spáinneacha, filíocht agus ceol traidisiúnta Éireannach.

**CLÁR EDNIP AG DÍRIÚ AR MHÍBHUNTÁISTE OIDEACHASÚIL (TED)**

Rinne an Coimisiún Eorpach cómhaoiniú ar TED EDNIP (Tionscadal um Ghlacadh le hÉagsúlacht, Comhtháthú a Chothú, Foghlaim Fadsaoil) faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus thacaigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais leis. Ó 2017 i leith, d'oibrigh EDNIP go dlúth le cúig bhunscoil i Luimneach chun tacú le páistí imirceacha agus a dteaghlaigh iad féin a chomhtháthú i saol na scoile agus an phobail. Is iad seo a leanas na scoileanna a ghlac páirt: Bunscoil CBS, Sráid Uí Sheasnáin; Scoil Mhuire Lourdes, Ros Uí Bhriain; Bunscoil na Toirbhirte, Sráid Uí Sheasnáin; Scoil Chailíní Naomh Eoin agus Scoil Naíonán na mBuachaillí, Plás na hArdeaglaise; Scoil Naíonán Naomh Mícheál, Sráid Uí Sheasnáin. Rinne an tionscadal ceiliúradh ar an éagsúlacht chultúrtha laistigh de na scoileanna seo ach oibriú leis an bpobal scoile chun freagraí nuálacha agus inbhuanaithe a sholáthar i leith an chomhtháthaithe.



Ag Glacadh Páirt i dTuras Siúil Luimnigh

Tionóladh Pobal Cleachtais an-rathúil ar an 28 Márta 2019 ag ar tugadh cur i láthair ar an bplean Comhtháthaithe do Chathair Luimnigh. D'eagraigh tionscadal EDNIP réimse leathan deiseanna do leanaí agus dá dteaghlaigh. Idir 2017 agus 2019, bhain páistí leas as 5,551 deis san iomlán; bhain tuismitheoirí leas as 2,124 deis agus bhain foireann na scoile leas as 672 deis, 8,347 san iomlán. Áiríodh ar na deiseanna seo sraith ceachtanna ranga a sholáthar ar idirchultúrachas, idirdhealú agus ciníochas, imeacht Caifé Domhanda Líonra Idirchreidmheach an Iarthair Láir, Cóisir Lár-Gheimhridh, ceardlanna ceoil idirchultúrtha; turais chultúrtha teaghlaigh le linn dúnta scoile chuig Caisleán Luimnigh, Iarsmalann Hunt, Tóraíochtaí Taisce agus Turais Siúil i Luimneach.



## RANNPHÁIRTÍOCHT NA MAC LÉINN LE ENABLE IRELAND

Mar chuid den mhodúl 'Amharclannaíocht Phobail' sa dara bliain ar chlár an BA i Staidéar Amharclannaíochta Comhaimseartha agus Feidhmeach (BA CATS), chomhdhear an mac léinn sa cheathrú bliain, Aisling Ryan, ceardlann dar teideal 'Coloured Feelings' i gcomhar leis an Dr Fiona McDonagh d'Ionad Seirbhísí Lae Luimnigh do Dhaoine Fásta de chuid Cumas Éireann, i Mungairit. Rinneadh iniúchadh sa cheardlann ar mhothúcháin i measc daoine fásta faoi mhíchumas intleachtúil agus fisiciúil i gcomhthéacs na hamharclannaíochta.

Mic léinn BA CATS le húsáideoirí seirbhíse Eddie Ryan, Shane O'Gorman, agus Grainne Moroney

## COMHGHUAILLÍOCHT ETIM

I mí Feabhra 2019, d'oibrigh CMGS le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, na Fóraim Scileanna Réigiúnacha agus an Plean Gníomhaíochta do Phoist chun clár a dhearadh agus a sholáthar lenar nascadh tionscal, meantóirí agus eiseamláirí le scoileanna, múinteoirí agus scoláirí i Réigiún Luimnigh, an Chláir agus Thiobraid Árann.



## CODER DOJO AG CMGS

In Earrach 2019, reáchtáladh seisiúin CoderDojo saor in aisce gach Céadaoin ón 27 Feabhra go dtí an 20 Márta do pháistí idir 7-12 bhliain d'aois.

D'oibrigh breis is 90 mac léinn CMGS go deonach chun treoir a thabhairt do lucht freastail CoderDojo (ar a dtugtar Ninjas), chun a gcuid foghlama a éascú agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad ag cur dúshláin sheachtainiúla i gcrích. Áiríodh sna seisiúin forbairt scileanna tábhachtacha litearthachta agus uimhearthachta, obair foirne agus scileanna cumarsáide chomh maith le smaointeoireacht ardoird, cruthaitheacht agus scileanna réitigh fadhbanna.




Sa phictiúr Páistí, tuismitheoirí & mic léinn CMGS ag foghlaim conas códú a dhéanamh le linn Seisiúin Coder Dojo 2019 ag CMGS

## FÉILE FOGHLAMA LUIMNIGH 2019

Chuir CMGS clár imeachtaí le Féile Foghlama Luimnigh 2019 agus bhí sé ina shínitheoir ar an Meabhrán Tuisceana maidir le Foghlaim Luimnigh agus do chomhpháirtithe ceannródaíocha a chomhaontaigh béim a leagan ar thacaíocht don Chathair Foghlama-Tionscnamh réigiúin do Luimneach. Bhí sé phríomhchomhpháirtí maoinithe ina sínitheoirí ar an Meabhrán Tuisceana, eadhon Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh; Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir; Comhpháirtíocht PAUL; Ollscoil Luimnigh; Coláiste Mhuire gan Smál agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.



Sa phictiúr ag síniú an Mheamraim Comhthuisceana d'Fhéile Foghlama Luimnigh tá an tOllamh Eugene Wall, Uachtarán, CMGS, an Clr James Collins, Méara Luimnigh, an Dr Maeve Liston, Stiúrthóir Fiontair agus um Rannpháirtíocht sa Phobal, CMGS.

## SEACHTAIN NA nINNEALTÓIRÍ 2019 AG CMGS

Bhí lúcháir ar CMGS roinnt imeachtaí a óstáil agus a sheachadadh chun Seachtain na nInnealtóirí, 2019 a cheiliúradh, a mhair ón 2-8 Márta 2019.

# Rannpháirtíocht Phobail agus Cultúr

**BLEAIST EOLAÍOCHTA ESB 2019**

D'óstáil CMGS Bleaist Eolaíochta ESB Luimnigh ón 21-23 Bealtaine 2019. Ghlac 3,500 dalta bunscoile páirt, agus ionadaíochta á déanamh acu ar níos mó ná 144 scoil go réigiúnach agus go náisiúnta.



Bleaist Eolaíochta ESB 2019

**OILIÚINT FEASACHTA AR CHULTÚR AN LUCHT SIÚIL (TCAT)**

D'óstáil Roinn na Foghlama, na Sochaí agus an Oideachais Reiligiúnaigh (LSRE) Oiliúint Feasachta ar Chultúr an Lucht Siúil (TCAT) ar an 22 Bealtaine 2019. Ba chuid de straitéis fhoriomlán idirghníomhaireachta an oiliúint chun tacú le soláthar seirbhísí níos fearr don Lucht Siúil agus cuireadh ar fáil í do ghrúpaí amhail Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, UCC, an Garda Síochána agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

D'fhreastail baill foirne ó réimsí éagsúla laistigh den Choláiste ar an oiliúint, lena n-áirítear an clár PATH1 in CMGS, LINC (Oideachas Luath-Óige), Oideachas Aosach, agus Oideachas Bunscoile. Rinne an Dr Sandra Ryan agus an Dr Dan O'Connell comhordú ar an ócáid.



Foireann CMGS ag freastal ar an Oiliúint Feasachta ar Chultúr an Lucht Siúil

**EMPOWER 2019**

Cuireadh clár Samhraidh 'EMPOWER' i Smaointeoireacht Fhiontraíoch agus Eolaíochta, Cruthaitheacht, Dearadh agus Nuálaíocht ar fáil do scoláirí dara leibhéal (Idirbhliain, 5ú & 6ú bliain) i mí an Mheithimh 2019. Bhí ceardlanna in CMGS agus LIT, Luimneach agus Durlas, cuairteanna ar shuíomhanna chuig First Data, an tAonach, Setanta Sports, Durlas, STATS sports agus Escape Rooms, Luimneach mar chuid den chomhthionscnamh cúig lá seo le LIT, arna mhaoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas.



# Spórt

**Peil na mBan** – Craobhiomaitheoirí Shraithchomórtas Shraith 2
**Peil na mBan** – Craobhiomaitheoirí Shraithchomórtas Shraith 4
**Iománaíocht idirmheánach** – Buaiteoirí Shraith na Mumhan agus Shraith Uile-Éireann
**Camógaíocht CMGS Dhurlais** - Buaiteoirí Chorn Uí Mhaolagáin **Camógaíocht CMGS Luimnigh** - Buaiteoirí Sciath Ashbourne **Iománaíocht Shinsearach** - Craobhiomaitheoirí Chorn Mhic Giobúin
**Iománaíocht na bhFreisear** - Craobhiomaitheoirí Roinn 'B'

**Ealaíona Comhraic** - Hayleigh Kiely, Seaimpín Cicdhornálaíochta na hÉireann 2019

**Sparánachtaí CLG Mumhan 2018**
Jenny Brew
Dinan
Gearóid Cahill
Emma Dineen
Clara Griffin
Colin Guilfoyle
Seán Meehan
Eimear Ní Chadhla
Kate Stack

**Faighteoirí Sparánachta Ardoideachais Chumann Pheil na mBan Mumhan:**
Ciara Ryan (Coláiste Mhuire gan Smál & Luimneach) Ciara Hughes (Coláiste Mhuire gan Smál & Corcaigh)



Bhuaigh Dearbhaile Roe Comórtas Dúbailte na mBan i gCraobhchomórtais Náisiúnta na gColáistí sa Leadóg. Bhí Janeen Laabei ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ina páirtí aici. (Tá Dearbhaile ar chlé sa phictiúr).



Michelle Nagle, buaiteoir bonn óir sa tógáil meáchan idir-ollscoile i mí Feabhra 2019.




Bhuaigh Clodagh Neville (BA) cluiche ceannais 'A' na mBan i gCraobhchomórtais Náisiúnta Liathróid Láimhe na gColáistí i Minnesota i mí Feabhra 2019. (Tá sí sa phictiúr anseo ar dheis lena páirtí dúbailte, Cathy Foley ó Ollscoil Luimnigh).

# Spórt

**LUIMNEACH - BUAITEOIRÍ UILE-ÉIREANN 2018**

Bhí ríméad ar CMGS go raibh an-chuid mac léinn dá chuid, idir mic léinn reatha agus alumni, ar fhoireann Luimnigh a bhuaigh Craobhchomórtas Sinsir na hÉireann san Iománaíocht in 2018, le Aaron Gillane (mac léinn reatha), Cian Lynch (alumni), Richie English (alumni), Declan Hannon (alumni), agus Darragh O'Donovan (alumni).

I measc mhic léinn eile CMGS a d'imir ar son a gcontae bhí Colin English agus Craig Morgan a bhí ar fhoireann Thiobraid Árann a bhí Craobhchomórtas Faoi 21 na hÉireann san Iománaíocht.

# UIMHREACHA BRONNTA CÉIME 2018

| CÚRSA | LÍON CÉIMITHE |
|---|---|
| Baitsiléir na nDán | 218 |
| Dioplóma Iarchéime sa Cheannaireacht Chríostaí san Oideachas | 3 |
| Máistreacht sna Dána i dTeangeolaíocht Fheidhmeach | 17 |
| Máistreacht sna Dána sa Cheannaireacht Chríostaí san Oideachas | 18 |
| Máistreacht sna Dána i Litríocht agus i dTeanga Nua-Aimseartha an Bhéarla | 6 |
| Máistreacht sna Dána sa Stair | 6 |
| Máistreacht sna Dána i gCleachtas Forbartha Idirnáisiúnta | 1 |
| Máistreacht sna Dána i Staidéar na Meán | 4 |
| Máistreacht sna Dána (Taighde agus Tráchtas) | 2 |
| Dochtúireacht san Fhealsúnacht (na Dána) | 12 |
| Baitsiléir na nDán i gCúram agus Oideachas Luath-Óige | 72 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas agus sna hEalaíona | 1 |
| Máistreacht san Oideachas i Staidéir Ghairmiúla san Oideachas | 1 |
| Baitsiléir Oideachais | 186 |
| Baitsiléir Oideachais san Oideachas agus sa tSíceolaíocht | 30 |
| Dioplóma Céimithe san Oideachas Aosach agus sa Bhreisoideachas | 17 |
| Máistreacht san Oideachas (Oideachas Aosach & Breisoideachas) | 2 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas Speisialta | 48 |
| Máistreacht san Oideachas san Oideachas Speisialta | 7 |
| Teastas Iarchéime i Staidéir Uathachais | 48 |
| Máistreacht sna Dána in Oideachas agus Folláine an Duine Bhreacaosta | 6 |
| Baitsiléir Oideachais | 188 |
| Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Múinteoireacht Bhunscoile) | 61 |
| BA san Oideachas, sa Staidéar Gnó agus sa Chuntasaíocht | 21 |
| Ba san Oideachas, sa Staidéar Gnó agus sa Staidéar Reiligiúnach | 15 |
| BA san Oideachas, Gaeilge, agus Staidéar Gnó | 14 |
| BA san Oideachas, sa Ghaeilge agus sa Staidéar Reiligiúnach | 5 |
| BA i Staidéar Oideachais, Staidéar Gnó agus Staidéar Reiligiúnach - Leibhéal 7 | 1 |
| BA i Staidéar Oideachais, Gaeilge agus Staidéar Reiligiúnach - Leibhéal 7 | 1 |
| Máistreacht san Oideachas | 17 |
| Dioplóma Iarchéime sa Cheannaireacht agus sa Bhainistíocht Oideachais | 1 |
| Máistreacht san Oideachas i gCeannaireacht agus i mBainistíocht Oideachais | 16 |
| Teastas san Fhoghlaim Ghinearálta agus san Fhorbairt Phearsanta | 9 |
| Teastas i gCeannaireacht um Chuimsiú sna Luathbhlianta | 852 |
| Líon iomlán na gCéimithe | 1906 |

# Úsáid Fuinnimh

**ÚSÁID FUINNIMH 2019**

Le linn 2019, d'ídigh CMGS 8082.7 MWh fuinneamh lenar áiríodh:

2,317.5 MWh leictreachas,
5,360.1 MWh gás,
403.6 MWh ola téimh,
1.5 MWh breosla iompair (díosal)

Bhí méadú beag ar úsáid fuinnimh leictrigh le linn 2019 agus ar úsáid fuinnimh ola téimh ag Campas Naomh Pádraig in CMGS Dhurlais. Mar sin féin, tá laghdú tagtha ar ár n-úsáid gáis príomhlíonra ag CMGS Luimnigh agus tá laghdú géar tagtha ar úsáid fuinnimh a bhaineann le hiompar le linn na tréimhse seo. Tá feabhas leanúnach tagtha ar ár bhfeidhmíocht fhoriomlán fuinnimh, a thomhaistear mar úsáid fuinnimh in aghaidh an mhic léinn chláraithe, .i. tá kWh (fuinneamh leictreach, teirmeach agus iompair le chéile) in aghaidh an mhic léinn chláraithe tite, bliain i ndiaidh bliana, le trí bliana anuas.



# Cuntais

| Sliocht ón Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach | Bliain dar Críoch 31-Lún-19 €'000 | Bliain dar Críoch 31-Lún-18 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam | | |
| Táillí Acadúla | 22,237 | 21,039 |
| Deontais Athfhillteacha Stáit | 15,492 | 12,648 |
| Ioncam Eile lena n-áirítear Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 10,559 | 9,764 |
| **Ioncam Iomlán** | **48,288** | **43,451** |
| **Amúchadh deontas caipitil stáit** | **1,465** | **1,405** |
| Caiteachas | | |
| Costais | (24,900) | (22,670) |
| Foirne | | |
| Caiteachas Eile lena n-áirítear Costais Pinsean | (23,034) | (21,227) |
| **Caiteachas Iomlán** | **(47,934)** | **(43,897)** |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán** | **1,819** | **959** |

Deimhníonn an Coláiste gurbh ionann na táillí agus/nó na costais, a íocadh le baill na nIontaobhaithe agus an Údaráis Rialaithe i gcomhréir leis na treoirlínte ón Roinn Airgeadais, gurbh ionann iad agus €3449.00 don bhliain 2019, agus cuirtear i láthair i dTuarascáil Bhliantúil an Choláiste anseo iad don bhliain 2019.

## NÓTA DO THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019

**Gealltanais Chaipitil agus Feabhsú Champas an Choláiste**

Tá oibreacha athchóirithe suntasacha curtha i gcrích ag an gColáiste ar bhloic chóiríochta na Cúirte Brice ar champas Luimnigh a fhreastalaíonn ar riachtanais chóiríochta thart ar 90 mac léinn gach bliain.

Tá Cead Pleanála faighte ag an gColáiste chun Leabharlann/Ionad Acmhainní Foghlama nua a thógáil ar Champas Luimnigh agus tá an tionscadal seo ag fanacht le deimhniú maoinithe.

Rinne an Coláiste uasghrádú agus leathnú ar an Leabharlann ar champas Dhurlais - lena n-áirítear áiseanna ríomhlainne agus seomraí ar leithligh do mhic léinn.

Críochnaíodh oibreacha a bhain le ceanglais sábháilteachta dóiteáin i bhFoirgneamh TARA.


BRIATHAR DÉ MO LÓCHRANN
MIC
MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL